2026/2338

23.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2338 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Deireadh Fómhair 2026

lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán coiteann maidir le slándáil eitlíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid i gCeangaltán 4-C, pointe (c), an séú fleasc, den Iarscríbhinn, a mhéid a bhaineann leis an riail maidir le siosúr. Leis an earráid, déantar difear do shubstaint na forála sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán coiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1998/oj).